I gcomhar le



# Cód Iompair

agus tú ag obair le himreoirí faoi aois

www.gaa.ie

**Cumann Lúthchleas Gael**
(The Gaelic Athletic Association)
Páirc an Chrócaigh/Croke Park, Dublin 3
Teil : +353 (0)1 836 3222   Ríomhphost: info@gaa.ie
www.gaa.ie

**Cumann Camógaíochta**
(Camogie Association)
Páirc an Chrócaigh/Croke Park, Dublin 3
Teil: + 353 (0)1 865 8651   Ríomhphost: info@camogie.ie
www.camogie.ie

**Cumann Peil Gael na mBan**
(Ladies Gaelic Football Association)
Páirc an Chrócaigh/Croke Park, Dublin 3
Teil : +353 (0)1 836 3156   Ríomhphost: info@ladiesgaelic.ie
www.ladiesgaelic.ie

**Comhairle Liathróid Láimhe na hÉireann**
(Irish Handball Council)
Páirc an Chrócaigh/Croke Park, Dublin 3
Teil: 01-819 2385   Ríomhphost: nationalmanager.handball@gaa.ie
www.gaahandball.ie

**Comhairle Cluiche Corr na hÉireann**
(The Rounders Council of Ireland)
Bóthar Díseart Diarmuida
An Tulach, Co. Cheatharlach.
Teil: + 353 (0) 857 240 831   Ríomhphost: secretary.rounders@gaa.ie
www.gaarounders.ie

Dara Eagrán Lúnasa 2010

# Cód Iompair
# AGUS TÚ AG OBAIR LE HIMREOIRÍ FAOI AOIS

Téann an Cód Iompair seo i ngleic leis na híosleibhéil chuí iompraíochta, cleachtais agus iompair a theastaíonn ónár n-imreoirí óga, cóitseálaithe, meantóirí, tacadóirí, tuismitheoirí/caomhnóirí, réiteoirí agus Cumainn.

Cuireann na Coistí Ceannais Náisiúnta seo a leanas an Cód Iompair seo chun cinn le cuidiú leo siúd a eagraíonn ár gCluichí Gaelacha agus muid ag cloí leis na caighdeáin is airde agus is féidir linn inár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga.

| | |
|---|---|
| **Cumann Lúthchleas Gael** | (The Gaelic Athletic Association) |
| **Cumann Camógaíochta** | (Camogie Association) |
| **Cumann Peil Gael na mBan** | (Ladies Gaelic Football Association) |
| **Comhairle Liathróid Láimhe na hÉireann** | (Irish Handball Council) |
| **Comhairle Cluiche Corr na hÉireann** | (The Rounders Council of Ireland) |

Ba chóir do gach duine atá páirteach inár spóirt agus gníomhaíochtaí glacadh leis na róil agus na freagrachtaí a dtugann siad fúthu agus muid á dtiomáint féin chun timpeallacht taitneamhach agus shábháilte a chothabháil do gach duine. Beidh cosaint ár mbaill ina thosaíocht i gcónaí agus muid ag aithint go bhfuil ríthábhacht bainteach le leas an linbh inár gcuid oibre.

Moltar an Cód seo a úsáid mar aon le Cód Dea-Chleachtais nó Cód Eiticí gach Coiste Ceannais Náisiúnta, áit a leagtar amach róil agus freagrachtaí ar bhealach níos mionsonraithe.

Ba mhaith linn an Cód seo a fheiceáil agus é forbartha, curtha chun cinn agus curtha i bhfeidhm mar thionscnamh a spreagann cothrom na féinne, meas, comhionannas, sábháilteacht agus easpa leithcheala bheith in aon ghné dár gcuid oibre le leanaí agus le daoine óga.


CHOTHROM
NA FÉINNE,
COMHIONANNAS,
SÁBHAILTEACHT
agus EASPA
LEITHCHEALA

# IMREOIRÍ ÓGA

Is féidir le himreoirí óga an-tairbhe a bhaint as spóirt i dtéarmaí taitneamhachta, forbartha pearsanta agus scileanna nua a fhoghlaim. Mar chuid dá bhforbairt, caithfear ár n-imreoirí a spreagadh chun a fheiceáil go bhfuil freagracht acu, de bharr a rannpháirtíocht, caitheamh le daoine eile go cothrom agus le meas. Le cearta, beidh freagrachtaí i gcónaí.

'Síneoidh' imreoirí óga an Cód seo agus aontóidh siad cloí lena bhfuil sa **Chód Iompair** agus in aon pholasaí nó cóid eile i do Chumann agus atá ag an gCoiste Ceannais Náisiúnta.

**Ba chóir go mbeadh IMREOIRÍ ÓGA i dteideal:**

- Bheith sábháilte agus mothú go bhfuil siad sábháilte.
- Spraoi bheith acu agus taitneamh agus lánsástacht a bhaint as.
- Meas, dínit agus íogaireacht a fháil.
- Smaointe a thabhairt agus moltaí a dhéanamh ar bhealach cuiditheach.
- Rúndacht chuí a fháil.
- Bheith páirteach i gcluichí agus i gcomórtais ag leibhéil atá compordach dóibh.
- A chur in iúl má tá aon bhuarthaí acu agus bheith ag súil go ndéileálfar leo ar bhealach cuí.
- Bheith cosanta ó dhrochíde.
- Éisteacht a fháil.

**Ba chóir go ndéanfadh IMREOIRÍ ÓGA na nithe seo a leanas i gcónaí:**

- Imirt go cothrom, a ndícheall a dhéanamh agus taitneamh a bhaint as.
- Meas bheith acu ar bhaill eile na foirne in ainneoin a gcumas, bunús eitneach, cúlra cultúrtha nó creideamh.
- Tacú le baill foirne eile má éiríonn go maith leo nó mura n-éiríonn.
- Ionadaíocht a dhéanamh dá bhfoireann, dá gCumann agus dá dteaghlach le bród agus dínit.

- Meas bheith acu ar gach cóitseálaí, meantóir, oifigeach agus a bhfreasúra.
- Bheith grástúil má chailleann siad agus modhúil má bhuann siad.
- Lámh a chroitheadh roimh agus tar éis an chluiche, pé toradh a bhíonn air.
- A chur in iúl dá gcóitseálaí/meantóir/mbainisteoir mura mbeidh siad ar fáil do thraenáil nó cluichí.
- Labhairt le hOifigeach Leanaí an Chumainn má bhíonn aon bhuairt nó ceist acu.
- Cloí le caighdeáin inghlactha iompair agus Cód Smachta an Chumainn.
- Insint do dhuine eile má rinneadh díobháil dóibh féin nó do dhaoine eile ar aon bhealach.
- Bheith cúramach le trealamh an Chumainn.

**Níor chóir go ndéanfadh IMREOIRÍ ÓGA na nithe seo a leanas riamh:**

- Caimiléireacht a dhéanamh – imir de réir na rialacha i gcónaí.
- Bheith ag béiceach ná ag argóint leis an réiteoir, lena gcóitseálaí, leis na daoine eile ar an bhfoireann nó leis an bhfreasúra agus níor chóir foréigean a úsáid riamh.
- Beartaíochtaí mífhéaráilte nó bulaíochta a úsáid chun buntáiste a fháil nó imreoirí eile a aonrú.
- Ráflaí a scaipeadh.
- Bréaga a insint faoi dhaoine fásta nó faoi dhaoine óga eile.
- Imirt nó traenáil má mhothaíonn siad tinn nó má tá siad gortaithe.
- Drochtheanga nó tagairtí ciníocha agus/nó seicteacha a úsáid.

# CÓITSEÁLAITHE, MEANTÓIRÍ AGUS OILIÚNÓIRÍ

Ba chóir go gcinnteodh gach Cóitseálaí, Meantóir agus Oiliúnóir (ar a dtabharfar Cóitseálaithe as seo amach) go mbaineann daoine óga agus leanaí tairbhe suntasach as ár gcluichí trí chur chuige dearfach, sláintiúil agus rannpháirtíoch a chur chun cinn inár gcuid oibre le himreoirí faoi aois. Agus leibhéil scileanna gach imreora á bhforbairt, ba chóir go spreagfadh Cóitseálaithe taitneamh agus spraoi agus rannpháirtíocht bhríoch a chinntiú inár gcluichí agus gníomhaíochtaí. Ba chóir go gcuimhneodh Cóitseálaithe i gcónaí gur eiseamláirí iad do na himreoirí atá faoina gcúram.

## Earcú Cóitseálaithe

Caithfidh gach Cóitseálaí atá ag obair le daoine óga agus le leanaí bheith oiriúnach dá ról/róil, agus ba chóir go mbeadh oiliúint, cáilíocht agus tacaíocht chuí acu chun na róil sin a chomhlíonadh. Beidh na daoine ar fad atá ag obair sna róil sin páirteach i nósanna imeachta earcaíochta agus roghnaithe chuí agus freastalóidh siad ar chúrsaí cóitseála agus oiliúna a bhaineann lena róil.

**Ba chóir do chóitseálaithe cur chuige dírithe ar na leanaí bheith acu:**

- Meas bheith acu ar chearta, dínit agus fiúntas gach duine.
- Caitheamh go cothrom le gach duine in ainneoin a n-aois, inscne, cumas, bunús eitneach, cúlra cultúrtha nó creideamh.
- Bheith dearfach i rith seisiún cóitseála, cluichí agus gníomhaíochtaí eile chun go mbraithfidh imreoirí óga i gcónaí go bhfuil rud éigin bainte amach acu agus go bhfuil a bhféinmheas ardaithe.
- Riachtanais fhorbartha agus cumas gach imreoir óg a shainaithint, in ainneoin a gcumas, trí bhéim a chur ar rannpháirtíocht do chách agus iomarca traenála agus iomaíochais a sheachaint. Ba chóir go mbeadh tús áite ag forbairt agus sástacht phearsanta seachas ag iomaíochas.
- Tuiscint a fhorbairt maidir le modhanna cuí cóitseála agus a chinntiú go bhfuil an leibhéal creidiúnaithe cóitseála cuí acu.

- Nach ionann cailleadh agus teip agus nach mbeidh siad róthógtha le boinn agus coirn. Is é an leibhéal feabhais a thagann ar imreoirí óga an slat tomhais is fearr do chóitseáil éifeachtach.

**Ba chóir do Chóitseálaithe dea-shampla a thabhairt**

- Ná húsáid drochtheanga nó teanga/comharthaí gríosaitheacha le himreoir, céile comhraic nó oifigeach sa chluiche.
- Ná téigh amach ar an bpáirc ach amháin le cead ón réiteoir.
- Ná ceistigh breitheanna ná macántacht an réiteora.
- Spreag imreoirí le meas bheith acu agus glacadh le breith oifigigh an chluiche.
- Spreag cothrom na féinne.
- Cuir an tionscnamh RESPECT/MEAS chun cinn.



- Seachain bheith ag caitheamh tobac agus tú ag obair le himreoirí óga.
- Ná bí ag ól alcóil ná ag tógáil drugaí gan oideas díreach sula mbeidh imreoirí óga faoi do chúram.
- Spreag tuismitheoirí le bheith páirteach i d'fhoireann agus i ngníomhaíochtaí an Chumainn más féidir.

**Iompar Cóitseálaithe agus iad ag obair le daoine óga**

- Ná béic ar agus ná tabhair léacht d'imreoirí agus ná tabhair amach dóibh/bí ag magadh fúthu nuair a dhéanann siad botún. Foghlaimíonn imreoirí óga níos fearr trí rud a thriail agus botún a dhéanamh agus níor chóir go mbeadh faitíos orthu an botún a dhéanamh le foghlaim as.
- Ná húsáid aon chineál pionós corportha ná lámh láidir riamh.
- Seachain eachtraí pleidhcíochta, rólimeartha agus ná hinis scéalta grinn, srl a bhfhéadfaí míbhrí a bhaint astu.
- Cinntigh go bhfuil gach teagmháil fhisiceach cuí agus go gceadaíonn agus go dtuigeann an duine óg é.
- Ná déan aon chineál teiripe ná hiopnóise agus daoine óga á dtraenáil.
- Forbair caidreamh oibre cuí leis na leanaí agus daoine óga bunaithe ar chomh-mhuinín agus ar chomh-mheas.
- Téigh i ngleic le bulaíocht d'aon chineál, bíodh sé fisiceach nó mothúchánach. Níl bulaíocht inghlactha ó dhuine óg, cóitseálaí, tuismitheoir/caomhnóir, féachadóir ná oifigeach cluiche.

**Seachain do ról mar Chóitseálaí a chur i gcontúirt**

- Seachain cás ina mbeidh tú i d'aonar i gcarr nó seomra feistis le himreoir.
- Seachain seisiúin chóitseála a reáchtáil leat féin.
- Seachain iomarca ama a chaitheamh le himreoir amháin ina aonar nó amach ó na himreoirí eile.
- Seachain imreoirí óga a thabhairt chuig do theach.




**CHOTHROM NA FÉINNE, COMHIONANNAS, MEAS agus EASPA LEITHCHEALA**

**Dea-chleachtas**

- Cinntigh go bhfuil an trealamh feiliúnach ar na himreoirí dá spórt agus go bhfuil sé orthu go sábháilte.
- Coinnigh taifead de thinreamh imreoirí agus cóitseálaithe ag traenáil agus cluichí.
- Bí ar an airdeall faoi aon riachtanais speisialta leighis nó aiste bia imreoirí mar atá ar na foirmeacha toiliú leighis/cláraithe nó mar a insíonn tuismitheoirí/caomhnóirí duit.
- Bí in am agus an t-éadach cuí ort.
- Athraigh an captaen do chluichí agus an modh a roghnaítear an fhoireann chun nach mbeidh na páistí/daoine óga céanna ag imirt i gcónaí agus na daoine céanna á bhfágáil amach.
- Leag amach spriocanna feidhmíochta réadúla – atá dúshlánach ach ar féidir a bhaint amach.
- Spreag tuismitheoirí/caomhnóirí le bheith páirteach in eagrú agus cuidiú le gníomhaíochtaí éagsúla do na foirne agus don Chumann.
- Úsáid gutháin shoghluaiste, más cuí, trí théacs grúpa nó ríomhphost amháin le teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí/caomhnóirí na n-imreoirí. Ní féidir aon eisceacht a dhéanamh maidir leis an gcineál seo téacsáil ghrúpa ach amháin má fhaightear cead ó thuismitheoirí/caomhnóirí.
- Ná déan teagmháil aonair trí théacs/ríomhphost le haon imreoir faoi aois.
- Ná déan teagmháil le himreoirí faoi aois trí shuíomhanna líonraithe sóisialta.
- Coinnigh taifead d'aon ghortuithe agus aon ní a dhéantar ina dhiaidh sin. Cinntigh go bhfuil réiteoir oifigiúil/meantóir foirne eile i láthair nuair atáthar ag tabhairt aire d'imreoir agus gur féidir leo comhthacú leis na sonraí ábhartha.
- Cinntigh go gcoinnítear na seomraí feistis agus na láithreacha ina mbíonn d'imreoirí agus pearsanra eile an Chumainn, roimh, i rith, nó díreach tar éis aon chluiche glan agus nach ndéantar aon damáiste dóibh.
- Más gá páiste/duine óg a iompar i do charr, cinntigh go suíonn siad i gcúl an chairr agus go mbíonn crios sábhála orthu i gceart.
- Déan soláthar dóthanach le haghaidh seirbhísí garchabhrach.
- Ná spreag agus ná ceadaigh d'imreoirí imirt agus iad gortaithe nó tinn.




## Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Tá ról an-suntasach le himirt ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí i gcuidiú agus spreagadh a leanaí bheith iomlán rannpháirteach i gCluichí Gaelacha, tríd ár gcluichí a imirt nó freastal ar thraenáil nó seisiúin chóitseála.

Mar aon le cóitseálaithe agus pearsanra an Chumainn, ba chóir do thuismitheoirí/ caomhnóirí imreoirí faoi aois bheith ina eiseamláirí dá leanaí agus iad rannpháirteach i gCluichí Gaelacha.

**Ba chóir go spreagfadh Tuismitheoirí/Caomhnóirí a leanaí chun:**

- Imirt de réir na rialacha i gcónaí.
- A leibhéil scileanna a fheabhsú.
- Meas bheith acu ar gach duine ar an bhfoireann, in ainneoin a gcumais.
- Nós maireachtála cothrom agus sláintiúil a choinneáil maidir le haclaíocht, bia, scíth agus spraoi. Is féidir comhairle a fháil ó oifigigh an Chumainn maidir leis seo más gá.

**Ba chóir go dtabharfadh Tuismitheoirí/Caomhnóirí sampla maith:**

- Meon dearfach bheith acu i leith rannpháirtíocht a linbh inár gcluichí.
- Meas bheith acu ar bhreitheanna oifigigh agus leanaí a spreagadh chun an rud céanna a dhéanamh.
- Ná cuir an iomarca brú ar do leanbh.
- Ná maslaigh do leanbh féin ná aon leanbh eile mar gheall a chaighdeán a n-imeartha.
- Bí réadúil ina n-ionchais.
- Tabhair moladh d'iarracht ní do thorthaí amháin.
- Ná cuir ceisteanna ar leanbh nó duine óg cosúil le 'Cé mhéad a scóráil tú inniu nó cé mhéad ar chaill sibh leis nó ar bhuaigh sibh leis.' Iarr orthu 'ar bhain tú taitneamh as.'
- Ná cuir náire ar leanbh agus ná bí searbhasach i dtreo imreora.
- Tabhair bualadh bos do dhea-imirt ón dá fhoireann.
- Ná tabhair cáineadh do dhrochimirt. Sainaithin an chaoi ar féidir feabhsúcháin a dhéanamh.
- Ná bí ag iarraidh tionchar mífhéaráilte bheith agat ar an gcluiche ná ar imreoir.
- Ná téigh amach ar pháirc na himeartha mura dtugann oifigeach i gceannas cuireadh duit.

**Ba chóir do Thuismitheoirí/Caomhnóirí:**

- Foirmeacha cláraithe/ceadaithe agus leighis a chomhlánú agus a thabhairt ar ais chun gur féidir lena leanbh bheith páirteach sa Chumann.
- Cuir na cóitseálaithe agus aon phearsanra ábhartha eile sa Chumann ar an eolas maidir le hathruithe i riachtanais leighis nó bhia an linbh roimh sheisiúin chóitseála, cluichí nó gníomhaíochtaí eile.
- Cinntigh go mbíonn an leanbh in am do sheisiúin chóitseála/cluichí nó gníomhaíochtaí eile.
- An t-éadach agus trealamh cuí a thabhairt dá leanbh a theastóidh do chluichí, mar shampla, clogaid, loirgneáin, cosaint fiacla srl.

- A chinntiú go sásaítear riachtanais bheathaithe/hiodráitithe a linbh.
- Éisteacht lena bhfuil le rá ag a leanbh.
- Moladh a thabhairt don fhoireann má bhuann siad, má bhíonn comhscór ann nó má chailleann siad.
- Gan iarracht a dhéanamh riamh a riachtanais agus a n-ardmhianta féin a shásamh trí rannpháirtíocht a leanaí i gcluichí.

**Ba chóir go gcuideodh Tuismitheoirí/Caomhnóirí lena gCumann ar na bealaí seo:**

- Meas a léiriú d'oibrithe deonacha, meantóirí agus oifigigh an Chumainn.
- Freastal ar thraenáil agus ar chluichí go rialta.
- Cuidiú le heagrú gníomhaíochtaí agus imeachtaí an Chumainn má iarrtar orthu.
- Meas bheith acu ar chearta, dínit agus fiúntas gach duine agus caitheamh go cothrom le gach duine in ainneoin a n-aois, inscne, cumas, bunús eitneach, cúlra cultúrtha nó creideamh.

**Tá sé de cheart ag Tuismitheoirí/Caomhnóirí:**

- Fios bheith acu go bhfuil a leanbh sábháilte agus gearán a dhéanamh má chreideann siad go bhfuil sábháilteacht a linbh i gcontúirt.
- Bheith ar an eolas maidir le fadhbanna/buarthaí a bhaineann lena leanbh.
- Bheith ar an eolas má ghortaítear a leanbh.
- Gearán a dhéanamh má tá imní orthu faoi chaighdeán an chóitseála.
- Tuairim a chur in iúl maidir le breitheanna a dhéantar sa Chumann.




**CHOTHROM NA FÉINNE, COMHIONANNAS, SÁBHAILTEACHT agus EASPA LEITHCHEALA**

# TACADÓIRÍ

Tá imreoirí óga ag iarraidh taitneamh agus tairbhe a bhaint as an tacaíocht a fhaigheann siad ó thuismitheoirí, caomhnóirí, cairde agus baill eile an Chumainn a théann chuig cluichí mar lucht féachana. Tá fáilte i gcónaí roimh thacadóirí gníomhacha, dílse agus múinte freastal ar ár gcluichí ach ba cheart go mbeadh a fhios acu go mbeidh tionchar ag a n-iompar ar an bhfoireann, ar na himreoirí agus ar na Cumainn a dtacaíonn siad leo.

Tá freagracht ar thacadóirí a chinntiú go n-iompraíonn tacadóirí eile iad féin ar bhealach inghlactha agus múinte i gcónaí, agus iad ag cluichí agus comórtais faoi aois.

Ba chóir go dtuigfeadh tacadóirí go spreagtar imreoirí óga bheith rannpháirteach i gCluichí Gaelacha chun gur féidir leo taitneamh a bhaint astu agus a leibhéil scileanna a fheabhsú chomh maith.

**Cuireann tacadóirí le taitneamhacht ár gcluichí ar na bealaí seo:**

- Bualadh bos a thabhairt d'imirt agus d'iarrachtaí maithe ó imreoirí do Chumainn agus ón gcéile comhraic, in ainneoin an toraidh.
- Úsáid foréigin d'aon chineál a cháineadh, ó thacadóirí eile, cóitseálaithe, oifigigh nó imreoirí.
- Imreoirí a spreagadh le himirt de réir na rialacha agus de réir chinntí an réiteora.
- Iompraíocht shóisialta chuí a léiriú, gan drochtheanga a úsáid agus gan imreoirí, meantóirí ná oifigigh a chiapadh.
- Meas bheith acu ar bhreitheanna gach oifigeach.
- Gan bheith ag magadh faoi ná tabhairt amach d'imreoirí as botún a dhéanamh i rith cluichí nó comórtais.
- Meas a léiriú ar fhreasúra an Chumainn. Ní bheadh aon chluichí ná comórtais ann gan an freasúra.
- Seasamh le prionsabail CHOTHROM NA FÉINNE agus MEAS do chách.

# RÉITEOIRÍ

Sa Chód Iompair seo tá béim curtha ar an ngá le comhoibriú leo siúd a eagraíonn agus a chuireann ár gcluichí agus gníomhaíochtaí ar fáil agus iad a éascú. Tá réiteoirí lárnach i seachadadh ár gcluichí agus ba chóir meas agus cabhair a thabhairt dóibh ina róil.

Ba cheart go gcuimhneodh réiteoirí i gcónaí go bhfuil siad lárnach lena chinntiú go n-imrítear ár gcluichí go féaráilte agus go léirítear meas do na rannpháirtithe ar fad. Mar aon le gach duine eile atá rannpháirteach agus a imríonn ár gcluichí, tá freagracht ar réiteoirí an Cód Iompair seo a chur i bhfeidhm.

Tá ról lárnach le himirt ag imreoirí, cóitseálaithe, meantóirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus pearsanra eile an Chumainn chomh maith i seachadadh na gné seo dár gCluichí Gaelacha, go háirithe agus iad ag obair le himreoirí faoi aois. Beidh an bealach a nglacfaimid le ról, údarás agus breitheanna an réiteora á scrúdú go géar ag na himreoirí faoi aois.

**Ina gcumas mar réiteoirí ar chluichí faoi aois táimid ag súil leis na rudaí seo a leanas ónár réiteoirí:**

- Rialacha na himeartha a chur i bhfeidhm ar bhonn neamhchlaonta agus comhsheasmhach.
- Feidhmiú le macántacht agus oibiachtúlacht i ngach cluiche.
- Breitheanna a chur in iúl d'imreoirí agus d'oifigigh foirne ar bhealach éifeachtach agus cuiditheach.
- Déileáil le heasaontas go daingean agus go féaráilte.
- Oibriú mar fhoireann le hoifigigh eile an chluiche.
- Fanacht chomh socair agus is féidir in ainneoin na gcúinsí.
- Úsáid a bhaint as mheasúnú chun feidhmíocht a fheabhsú agus sármhaitheas a bhaint amach.

Ba chóir go n-aithneodh imreoirí, cóitseálaithe, meantóirí, tacadóirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus pearsanra eile an Chumainn an ról lárnach atá ag réiteoirí inár gcluichí faoi aois agus ba chóir dóibh tacú leo ina ról.


CHOTHROM
NA FÉINNE,
COMHIONANNAS,
SÁBHAILTEACHT
agus MEAS
O'NEILLS

# An Cumann

Caithfidh gach Cumann a fhreastalaíonn ar imreoirí faoi aois é sin a dhéanamh le cur chuige agus fealsúnacht dírithe ar leanaí a aithníonn go bhfuil leas na leanaí ríthábhachtach.

Caithfidh Cumainn a chinntiú go roghnaítear daoine le hoibriú le himreoirí faoi aois ar son an Chumainn trí nós imeachta earcaíochta, roghnaithe, oiliúna agus cóitseála críochnúil agus caithfear na tacaíochtaí cuí a chur ar fáil dóibh chun cuidiú leo a róil a chomhlíonadh. Caithfidh Cumainn a chinntiú go bhfuil na daoine a roghnaítear le hoibriú le leanaí agus le daoine óga inniúil agus muiníneach maidir lena róil agus a bhfreagrachtaí i gcónaí.

**Ba chóir go gcuirfeadh Cumainn rannpháirtíocht chun cinn mar seo a leanas:**

- Glacadh leis an gCód Iompair seo mar uasleibhéal comhaontaithe idir an Cumann agus a n-imreoirí, meantóirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus tacadóirí.
- Dea-shampla a thabhairt agus a chinntiú go nglactar le cur chuige soláimhsithe agus dírithe ar leanaí inár gcuid oibre le daoine óga agus go bhfuil deiseanna comhionanna ar fáil do gach duine le bheith páirteach inár gcluichí agus gníomhaíochtaí, in ainneoin chumas duine aonair.
- Nósanna imeacht éifeachtacha a fhorbairt le freagra a thabhairt agus le taifeadadh a dhéanamh ar gach freastal, eachtra, timpiste agus gortú.
- An t-eolas cuí a fháil ar Chláir um Sheachaint Mhí-Úsáide Alcóil agus Substainte agus oiliúint chuí a chur chun cinn i réimse na feasachta sláinte do phearsanra ábhartha an Chumainn.
- Faisnéis a scaipeadh maidir le straitéisí Frithbhulaíochta inár gcuid oibre le daoine óga agus trí Ráiteas Frithbhulaíochta a ghlacadh agus a fhorfheidhmiú sa Chumann.

**Ba chóir go spreagfadh Cumainn rannpháirtíocht a mbaill mar seo a leanas:**

- Ról a aontú le gach cóitseálaí nó meantóir atá ag obair le daoine óga.
- A chinntiú go ndéanann gach duine atá ag obair go hoifigiúil le leanaí agus le daoine óga ar son an Chumainn Cúrsa Oiliúna Feasachta um Chosaint Leanaí i Spóirt.
- Glacadh le nósanna imeachta soiléire maidir le nósanna imeachta earcaíochta agus roghnaithe agus iad a fhorfheidhmiú nuair atá meantóirí agus pearsanra ábhartha eile á roghnú le hoibriú le daoine óga.



**Rannpháirtíocht Imreoirí Óga a Spreagadh ar na bealaí seo:**

- Cinntiú go leagtar amach na cineálacha clár, na rialacha, an trealamh, fad na gcluichí agus na sceidil traenála chun rannpháirtíocht níos mó a éascú i measc imreoirí óga agus go bhfuil siad feiliúnach do gach catagóir aoise agus do chumas agus leibhéal aibíochta imreoirí óga.
- Gan freagrachtaí ná róil a thabhairt do dhaoine óga a bheadh míchuí dá n-aois.
- Meas bheith acu ar chearta, dínit agus fiúntas gach imreoir agus caitheamh leo go cothrom in ainneoin a n-aois, inscne, cumas, bunús eitneach, cúlra cultúrtha nó creideamh.
- Deis a chruthú do dhaoine óga le bheith páirteach inár gcluichí, ní amháin mar imreoirí ach trí dheiseanna eile forbartha a thabhairt dóibh lena n-áirítear traenáil le bheith ina réiteoirí, cóitseálaithe, etc.
- Cinntiú go mbíonn áiseanna codlata ar leith ar fáil do dhaoine fásta agus do dhaoine óga má fhanann an fhoireann thar oíche áit éigin. Mar a chéile, do ghrúpaí measctha, beidh seomraí ar leith ag teastáil do chailíní agus do bhuachaillí.
- Nuair atá cailíní agus buachaillí sa ghrúpa, caithfidh tú cóimheasa ball le duine fásta dóthanach bheith agat agus caithfidh cóitseálaithe/meantóirí fear agus ban bheith i láthair.

**Rannpháirtíocht Tuismitheoirí/Caomhnóirí a spreagadh mar seo a leanas:**

- Tuismitheoirí/caomhnóirí a spreagadh le bheith ina mbaill den Chumann agus iad féin a chur ar an eolas maidir le heagrú cluichí agus gníomhaíochtaí faoi aois agus faoi na rialacha agus na cóid a threoraíonn muid inár gcuid oibre.
- Tuismitheoirí agus caomhnóirí a spreagadh le bheith páirteach i ngach gné de ghníomhaíochtaí agus imeachtaí an Chumainn agus in eagrú agus seachadadh ár gcluichí.
- Fáilte a chur roimh gach tuismitheoir/caomhnóir ag cluichí agus seisiúin thraenála a bhaineann lena leanaí. Ba chóir go mbeadh siad ar an eolas maidir leis na himeachtaí sin i gcónaí.

- Tuismitheoirí/caomhnóirí a chur ar an eolas faoin Oifigeach Leanaí. Ba chóir go mbeadh an duine seo ar fáil le cuidiú leo má bhíonn aon ábhar bhuartha nó ceisteanna ag tuismitheoirí/caomhnóirí maidir le leas agus sábháilteacht leanaí agus daoine óga as Chumann.

**Dea-chleachtas a Fhorbairt i Struchtúir agus i Riarachán an Chumainn ar na bealaí seo:**

- Cinntiú go bhfuil struchtúr Óige an Chumainn tógtha de réir threoirlínte dea-chleachtais agus go dtugtar ról do dhaoine óga i mbreitheanna a ghlactar ag leibhéal cuí.
- Cinntiú go bhfuil baill ar fad an Chumainn ar an eolas maidir lena bhfreagrachtaí dá leanaí agus dá ndaoine óga.
- Oifigeach Leanaí a cheapadh a mbeidh mar chuid dá ról monatóireacht a dhéanamh ar eiteas leanbh lárnaithe an Chumainn agus cloí le Cód Eiticí agus Dea-Chleachtais (Comhairle Spóirt na hÉireann/SpórtTE) agus le haon bheartais agus treoirlínte a eisíonn an Cumann, a gCoiste Ceannais Spóirt Náisiúnta, nó údaráis agus gníomhaireachtaí reachtúla.
- ‘Duine Ainmnithe le Déileáil le Líomhaintí Mí-Úsáide’ a cheapadh agus é mar ról acu teagmháil a dhéanamh leis na hÚdaráis Reachtúla agus na Comhlachtaí Ceannais Spóirt Cuí maidir le líomhaintí, buarthaí agus/nó amhrais mhí-úsáide leanaí a thuairisciú.
- Cinntiú go bhfuil na himreoirí ar fad clúdaithe ag a Scéim Ghortaithe ábhartha agus go bhfuil clúdach árachais maoine/dliteanais ar gach áitreabh etc. a úsáideann an Cumann agus na himreoirí mar is gá.
- Nósanna imeachta a ghlacadh a éascaíonn príobháideachas agus sábháilteacht gach duine óg sa Chumann chun go gcothabháiltear na nósanna imeachta agus go ndéantar athbhreithniú rialta orthu lena chinntiú go mothaíonn daoine óga sábháilte agus go bhfuil siad sábháilte sa Chumann.
- Comhaontú a lorg ó thuismitheoirí/caomhnóirí nuair a iarrtar a mic/iníonacha atá faoi 18 mbliana bheith ar scuaid dhaoine fásta. Is gnách go mbíonn teorainneacha iompraíochta difriúla i measc ghrúpaí fásta ó na teorainneacha a bhaineann le foirne agus scuaid faoi aois.



# CHOTHROM NA FÉINNE, COMHIONANNAS, SÁBHAILTEACHT agus EASPA LEITHCHEALA

# Cén chaoi le déileáil le Sáruithe Líomhnaithe an Chóid Iompraíochta

Leagann an Cód Iompair seo na híosleibhéil iompair a theastaíonn uainn ó dhaoine atá páirteach i gcluichí agus i ngníomhaíochtaí faoi aois. Baineann an Cód le himreoirí faoi aois, cóitseálaithe agus meantóirí, tuismitheoirí agus caomhnóirí agus lenár dtacadóirí, réiteoirí agus le hoifigigh an Chumainn, araon. Cé go bhfuil an fhreagracht ar Oifigigh Leanaí an Chumainn an Cód seo a chur chun cinn ag leibhéal an Chumainn, tá an fhreagracht ar gach duine a chinntiú go bhforfheidhmítear an Cód go hiomlán.

Ar an drochuair, sárófar an Cód ó am go ham. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar thoradh ar mhíchúram, droch-chleachtas, easpa tuisceana nó i gcásanna áirithe tig leis bheith d'aon turas nó go deimhin sáruithe beartaithe ar an gCód.

Nuair a fheictear mionshárú ar an gCód, d'fhéadfadh sé bheith áisiúil agus cuí déileáil leis de réir mar a tharlaíonn sé. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé bheith cuí, ag brath ar leibhéal an tsáraithe, do chóitseálaí, meantóir nó oifigeach eile déileáil leis na cásanna seo mar a tharlaíonn siad. Ach, má tharlaíonn na sáruithe seo go minic nó má tharlaíonn sáruithe tromchúiseacha den Chód, chaithfí na leibhéil idirghabhála a leagtar amach i gCéimeanna 1-10 a thógáil.



Go minic tarlaíonn sáruithe ar ár gCód Iompraíochta de bharr cásanna droch-chleachtais agus le comhoibriú gach duine bainteach, is féidir iad a réiteach agus seans nach dtarlóidh siad arís. Is féidir déileáil le sáruithe áirithe, de bharr an chineáil sáraithe atá iontu, mar shárú ar rialacha nó i gcásanna níos tromchúisigh tig leo bheith i gcatagóir na mí-úsáide agus ba chóir déileáil leo dá réir sin.

Dá bhrí sin, nuair a sháraítear an Cód nó nuair a dhiúltaíonn daoine cloí lena bhfuil ann, d'fhéadfadh gníomhartha áirithe bheith riachtanach chun sláine ár gcuid oibre le leanaí agus daoine óga a chosaint agus lena chinntiú go bhfaigheann siad an aire agus an aird is fearr agus is féidir agus iad páirteach inár gCluichí.

### Ag Déileáil le sárú líomhnaithe ar an gCód

ABa chóir déileáil le sárú líomhnaithe ar an gCód ar bhealach féaráilte agus neamhchlaonta le toimhde neamhchiontachta go dtí go gcruthaítear a mhalairt. Má bhíonn an duine a bhfuil an sárú líomhnaithe déanta ina n-aghaidh faoi 18 mbliana, níor chóir aon chruinnithe foirmeálta a reáchtáil leis an duine sin gan láithreacht nó cead ó thuismitheoir nó caomhnóir.

Ba chóir go mbeadh aon ghníomh(artha) a dhéanfar bheith i gcomhréir leis an sárú líomhnaithe a d'fhéadfadh bheith tarlaithe.

Dá ndéanfaí líomhaint bhréagach maidir le sárú ar an gCód agus má mheastar ina dhiaidh sin go raibh na líomhaintí mailíseach, d'fhéadfadh an líomhaint/na líomhaintí bheith faoi réir smachtbhannaí ón gCoiste Ceannais Spóirt agus/nó ó na húdaráis reachtúla.

Tá difríocht, áfach, idir líomhaint bhréagach agus barúil mhícheart nó líomhaint nach féidir a chruthú. Má chreideann nó má fheiceann duine sárú ar an gCód, ba chóir go dtuairisceodh siad é seo chuig an duine ábhartha sa Chumann a dhéileálfaidh leis na ceisteanna sin. Cé gur fearr go bhfaighfí na líomhaintí nó na buarthaí i scríbhinn, caithfidh an Cumann aon sáruithe líomhnaithe den Chód a fhiosrú, bíodh siad ó bhéal, gan ainm, nó i scríbhinn.

### Cén chaoi a bpróiseáiltear sárú ar an gCód?

Má thuairiscítear nó má fheictear sárú líomhnaithe ar an gCód Iompair, moltar go maoirsíonn Oifigeach Leanaí an Chumainn aon fhiosrúchán i líomhaint dá leithéid. Ba cheart cloí leis an méid seo a leanas:

**Céim 1 Tuairiscítear nó feictear sárú líomhnaithe ar an gCód**

- Ba chóir an cheist a chur in iúl d'Oifigeach Leanaí an Chumainn.

**Céim 2 Rúndacht**

- I gcónaí, caithfidh an tOifigeach Leanaí an chéim rúndachta is airde a choinneáil ina chuid oibre thar ceann an Chumainn agus níor chóir sonraí aon sárú líomhnaithe ar an gCód a phlé ach ar bhonn riachtanais leo siúd a chaithfear é a chur in iúl dóibh nó a chaithfear dul i gcomhairle leo. Coinneoidh Oifigeach Leanaí an Chumainn taifead ar gach comhrá a bhíonn ann agus ar gach gníomh a dhéantar.

**Céim 3 Measúnuithe tosaithe a dhéanann Oifigeach Leanaí an Chumainn**

- Más féidir, tar éis measúnú na ceiste mar a tuairiscíodh nó a chonacthas, ba chóir d'Oifigeach Leanaí an Chumainn a aithint an sampla é seo de dhroch-chleachtas nó sárú níos tromchúisí ar an gCód atá sa sárú líomhnaithe.

**Céim 4 Cuir an t-eolas le chéile**

- Glac cuntas cúramach ar an rud a tuairiscíodh nó an líomhaint atá déanta agus coinnigh taifead ar gach gníomh a dhéantar thar ceann an Chumainn. D'fhéadfadh na taifid seo bheith ag teastáil mar chuid d'aon fhiosrúchán a dhéanfaí ina dhiaidh sin nó i gcás achomhairc níos faide anonn.
- Seiceáil cruinneas gach rud a thuairiscítear.
- Déan comparáid idir na fíricí le daoine eile a chonaic an eachtra líomhnaithe.

### Céim 5 Cuir an duine a bhfuil an sárú líomhnaithe den Chód curtha ina leith ar an eolas

- Cuir an duine faoina bhfuil an sárú líomhnaithe déanta ar an eolas maidir le cineál an tsáraithe agus an chaoi a bhféadfadh sé an Cód a bheith sáraithe aige.
- Lorg freagra ón duine sin.
- Cuir an duine ar an eolas maidir le haon ghníomh atá riachtanach nó a mholtar.

### Céim 6 Má admhaítear sárú ar an gCód

- Má admhaítear sárú ar an gCód agus mura meastar é bheith an-tromchúiseach (e.g. droch-chleachtas seachas sárú d'aon turas), ba chóir go gcuirfeadh an tOifigeach Leanaí an duine a bhfuil an sárú curtha ina leith ar an eolas faoin gcaoi ar sháraigh siad an Cód agus go gcaithfidh siad cloí le gach gné den Chód as seo amach.
- Má mheastar an sárú bheith níos tromchúisí nó má tharla sé roinnt uaireanta, d'fhéadfaí é a thuairisciú ansin laistigh den Chumann. Déileálfar le cásanna den chineál sin ar bhonn cás ar chás, de réir phrionsabail an cheartais aiceanta agus struchtúir smachtaithe inmheánacha an Chumainn, nó i gcásanna an-tromchúiseacha d'fhéadfaí mí-úsáid a thabhairt orthu agus déileálfar leo dá réir. Ní féidir le hOifigeach Leanaí an Chumainn cinneadh a thógáil chun duine a dhíbirt óna ról/róil de bharr sárú ar an gCód Iompraíochta. Ní féidir ach le Coiste ábhartha an Chumainn an gníomh sin a dhéanamh ach tig le hOifigeach Leanaí an Chumainn é sin a mholadh, tar éis breithmheas a dhéanamh ar shárú líomhnaithe.*
- Má thógtar aon ghníomh in aghaidh duine a mheastar an Cód bheith sáraithe acu, beidh an gníomh sin i gcomhréir le leibhéal an tsáraithe lena mbaineann. Ach, d'fhéadfaí rabhadh ó bhéal, díbirt óna ról ar feadh tréimhse áirithe, díbirt bhuan óna ról, treoir go ndéanfaidh siad clár oiliúna ar leith, iarratas go ndéileálfaí leis an gceist mar shaincheist smachtaithe nó an sárú a chur faoi bhráid *'An Duine Ainmnithe le Déileáil le Líomhaintí Mí-Úsáide'* a bheith i gceist anseo.
- Tógfaidh Coiste ábhartha an Chumainn na gníomhartha seo tar éis breith a dhéanamh ar aon mholtaí a thabharfar dóibh.


CHOTHROM NA
FÉINNE, MEAS,
SÁBHAILTEACHT
agus EASPA
LEITHCHEALA

**Céim 7 Má shéantar sárú ar an gCód**

- Má shéantar sárú ar an gCód, caithfidh an tOifigeach Leanaí cinneadh a dhéanamh agus tig leo cabhair a lorg ó oifigigh eile an Chumainn mar is cuí do struchtúir an Chumainn.
- Má thugann na fíricí le fios go raibh sárú ar an gCód, caithfidh próiseas cuí freagra a cheadú ón duine a bhfuil an sárú líomhnaithe curtha ina leith.
- Má mheastar, tar éis an nós imeachta seo, go raibh sárú ar an gCód i gceist, tig leis an Oifigeach Leanaí gníomh a mholadh. Caithfear an cheist a thuairisciú do Choiste ábhartha an Chumainn chomh maith agus don duine a bhfuil an líomhaint curtha ina leith.
- Déanfaidh Coiste ábhartha an Chumainn breith ar na moltaí agus tabharfaidh siad an cheist chun críche.
- Má mheastar an sárú bheith níos tromchúisí nó má tharla sé roinnt uaireanta, d'fhéadfaí é a thuairisciú ansin laistigh den Chumann. Déileálfar le cásanna den chineál sin ar bhonn cás ar chás, de réir phrionsabail an cheartais aiceanta agus struchtúir smachtaithe inmheánacha an Chumainn, nó i gcásanna an-tromchúiseacha d'fhéadfaí mí-úsáid a thabhairt orthu agus déileálfar leo dá réir. Ní féidir le hOifigeach Leanaí an Chumainn cinneadh a thógáil chun duine a dhíbirt óna ról/róil de bharr sárú ar an gCód Iompraíochta. Ní féidir ach le Coiste ábhartha an Chumainn an gníomh sin a dhéanamh ach tig le hOifigeach Leanaí an Chumainn é sin a mholadh, tar éis breithmheas a dhéanamh ar shárú líomhnaithe.*
- Má thógtar aon ghníomh in aghaidh duine a mheastar an Cód bheith sáraithe acu, beidh an gníomh sin i gcomhréir le leibhéal an tsáraithe lena mbaineann. Ach, d'fhéadfaí rabhadh ó bhéal, díbirt óna ról ar feadh tréimhse áirithe, díbirt bhuan óna ról, treoir go ndéanfaidh siad clár oiliúna ar leith, iarratas go ndéileálfaí leis an gceist mar shaincheist smachtaithe nó an sárú a chur faoi bhráid *'An Duine Ainmnithe le Déileáil le Líomhaintí Mí-Úsáide'* a bheith i gceist anseo.

### Céim 8 Achomharc in aghaidh chinnidh

- Má tá an duine a bhfuil an líomhaint déanta ina aghaidh/ina haghaidh míshásta leis an toradh nó an cinneadh/na cinntí, ba chóir ceart achomhairc a thabhairt dóibh de réir struchtúir an Chumainn agus an Coiste Ceannais.

### Céim 9 An páirtí a ndearnadh éagóir air a chur ar an eolas maidir le haon chinneadh a thógtar tar éis sárú ar an gCód

- Tá sé de cheart ag aon duine a bhraith sárú ar an gCód de bharr gníomhartha duine eile, fios bheith acu ar na torthaí agus ar na cinntí a tógadh tar éis iniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna sin. Ba chóir na daoine sin a chur ar an eolas ar bhealach rúnda maidir lena bhfuil comhaontaithe ach ní féidir leo bheith páirteach sa phróiseas cinnteoireachta nuair atáthar ag teacht ar thoradh.

### Céim 10 Athbhreithnigh úsáid an Chóid i do Chumann

- Ar bhonn leanúnach, ba chóir d'Oifigeach Leanaí an Chumainn athbhreithniú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Chóid Iompraíochta sa Chumann agus, más gá, measúnú a thabhairt do Choiste Feidhmeannach an Chumainn maidir leis gcaoi ar féidir an Cód a chur chun cinn i gcónaí.

* Rinneadh tagairt sa chuid seo do 'Struchtúir Smachtaithe Inmheánacha an Chumainn'. I gcás go dteastaíonn gníomhartha den chineál seo, caithfear iad a dhéanamh de réir na nósanna imeachta arna nglacadh ag Cumann Lúthchleas Gael, Cumann Camógaíochta, Cumann Peil Gael na mBan, Comhairle Liathróid Láimhe na hÉireann nó Comhairle Cluiche Corr na hÉireann.

Moltar duit dul i dteagmháil le do Choiste Ceannais ábhartha chun tuilleadh faisnéise a fháil ar nósanna imeachta smachtaithe.



**CHOTHROM NA FÉINNE, COMHIONANNAS, SÁBHAILTEACHT agus EASPA LEITHCHEALA**

GEARR AMACH AN PAINÉAL SEO AGUS SEOL AR AIS CHUIG AN OIFIGEACH LEANAÍ NÓ CHUIG OIFIGEACH AINMNITHE EILE I DO CHUMANN É.

Téann an Cód Iompair seo i ngleic leis na híosleibhéil chuí iompraíochta, cleachtais agus iompair a theastaíonn ónár n-imreoirí óga, cóitseálaithe, oifigigh, meantóirí foirne, bainisteoirí, réiteoirí, tacadóirí, tuismitheoirí/caomhnóirí agus Cumainn.

DEIMHNIÚ

Admhaím ______________________________ (priontáil ainm) go bhfuil cóip den Chód Iompair faighte agam, agus go bhfuil sé léite agus tuigthe ina iomláine agam. Aontaím bheith ceangailte ag na prionsabail a leagtar amach sa Chód agus mé páirteach inár gCluichí Gaelacha, ag imirt iontu nó ag freastal orthu.

Sínithe: ______________________________ Dáta: ______________________________



Á chur ar fáil ag an
**Cumann Lúthchleas Gael i gcomhar le Cumann Camogaíochta, Cumann Peil Gael na mBan, Comhairle Liathróid Láimhe na hÉireann and Comhairle Cluiche Corr na hÉireann**

Lúnasa 2010